Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Iúil 2025
(OR. en)

10509/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2005/0170(NLE)**

**ECOFIN 836**
**UEM 327**
**FIN 717**
***ECB***
***EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don tSeicia an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 1 Meitheamh 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 8 Meán Fómhair 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an Meán Fómhair 2021 le cinntí cur chun feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023[3] agus an 16 Deireadh Fómhair 2024[4].

(2) An 17 Aibreán 2025, rinne an tSeicia iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiúin togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach go páirteach a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an tSeicia.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an tSeicia isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 83 beart.

---

[2] Féach doiciméid ST 11047/21 , ST 11047/21 ADD 1 agus ST 11047/21 ADD 1 COR 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[3] Féach doiciméid ST 13383/1/23, 13383/23 REV 1 agus ST 13383/1/23 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[4] Féach doiciméid ST 14663/24 agus ST 14663/24 ADD 1 REV 2 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an tSeicia go ndearnadh 16 bheart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann an méid sin le sprioc 65 faoi infheistíocht 11 (Bosca Gainimh Rialála Digití i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais) faoi chomhchuid 1.4 (an Geilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Gnólachtaí Nuathionscanta Nuálacha agus Teicneolaíocht Nua), sprioc 69 faoi infheistíocht 1 (Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha agus náisiúnta) agus sprioc 70 faoi infheistíocht 2 (an tSaoráid Eorpach um Thástáil Tagartha agus Thurgnamhaíocht) faoi chomhchuid 1.5 (Claochlú Digiteach na bhFiontar), cloch mhíle 73 agus sprioc 74 faoi athchóiriú 1 (Cur chun feidhme an dlí nua tógála agus an dlí criosaithe go praiticiúil), cloch mhíle 75 faoi infheistíocht 1 (Córas lárnach faisnéise nua ('AIS') a chruthú) agus cloch mhíle 76 faoi infheistíocht 2 (Forbairt agus úsáid sonraí an riaracháin phoiblí sa phleanáil spásúlachta) faoi chomhchuid 1.6 (Luasghéarú agus Digiteáil an Phróisis Tógála), spriocanna 81 agus 82 faoi athchóiriú 1 (Roghanna malartacha ar iompar de bhóthar atá dian ó thaobh fuinnimh agus spáis de a chruthú) faoi chomhchuid 2.1 (Iompar Inbhuanaithe), infheistíocht 2 (Bainistiú uisce báistí i gceirtleáin uirbeacha) faoi chomhchuid 2.9 (Bithéagsúlacht a chur chun cinn agus an Triomach a Chomhrac), spriocanna 189, 190 agus 191 faoi infheistíocht 2 (Acmhainn na saoráidí cúraim leanaí a mhéadú) agus spriocanna 195, 196 agus 197 faoi infheistíocht 3 (Bonneagar cúraim shóisialta a fhorbairt agus a nuachóiriú) faoi chomhchuid 3.3 (Nuachóiriú ar Sheirbhísí Fostaíochta agus ar Fhorbairt an Mhargaidh Saothair), sprioc 201, cloch mhíle 349 agus sprioc 350 faoi infheistíocht 1 (Líne nua ionstraimí cuasachothromais agus iasachta glaise a fhorbairt lena dtacófar leis an bhfiontraíocht) faoi chomhchuid 4.2 (Ionstraimí Cuasachothromais Nua chun Fiontraíocht agus Forbairt Bhanc Ráthaíochta agus Forbartha Phoblacht na Seice agus na Moráive (ČMZRB) a chur chun cinn mar Bhanc Forbartha Náisiúnta),

sprioc 234 faoi infheistíocht 2 (Cúram athshlánúcháin d'othair atá ag téarnamh ó riochtaí criticiúla) faoi chomhchuid 6.1 (Athléimneacht an Chórais Sláinte a mhéadú), clocha míle 302 agus 303 faoi athchóiriú 2 (Luasghéarú agus digiteáil an próisis cheadaithe le haghaidh fuinneamh in-athnuaite) faoi chomhchuid 7.1 (Bonneagar Fuinnimh In-athnuaite agus Leictreachais (REPowerEU)), cloch mhíle 318 faoi athchóiriú 1 (Ionaid ilfhreastail le haghaidh pobail fuinnimh agus athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh) faoi chomhchuid 7.3 (Athchóiriú Cuimsitheach ar an gComhairle maidir leis an Rabharta Athchóirithe i bPoblacht na Seice) agus cloch mhíle 335 faoi athchóiriú 4 (Coinníollacha cumasúcháin maidir le bonneagar na mbreoslaí malartacha astaíochtaí nialasacha) agus sprioc 338 faoi infheistíocht 1 (Beart méadaithe: Cabhair chun feithiclí a cheannach — feithiclí astaíochtaí nialasacha le haghaidh cuideachtaí príobháideacha) faoi chomhchuid 7.5 (Dícharbónú an Iompair de Bhóthar). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSeicia go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme na tuairisce ar sprioc 65, agus go ndéanfaí an tuairisc ar an sprioc sin a shonrú a thuilleadh agus go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme chloch mhíle 303. Thairis sin, d'iarr an tSeicia clocha míle 75 agus 76 agus spriocanna 189 agus 197 a bhaint. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go ndéanfaí raon feidhme sheirbhísí spriocanna 69 agus 70 a leathnú trí sholáthar seirbhísí breise a chumasú agus go ndéanfaí a tuairisc ar an mbeart a choigeartú dá réir sin. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go ndéanfaí an tuairisc ar chloch mhíle 302 agus táscaire chloch mhíle 318 a ailíniú leis an gcreat rialála náisiúnta. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go ndéanfaí na ceanglais i gcloch mhíle 73, sprioc 74 agus sna tuairiscí ar a mbeart faoi seach a chuíchóiriú. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go ndéanfaí an t-aonad tomhais agus na tuairiscí ar spriocanna 81 agus 82, lena n-áirítear a dtuairisc ar an mbeart, a choigeartú. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go n-aistreofaí fócas spriocanna 190 agus 191 agus an tuairisc ar a mbeart go saoráidí naíscoile nua. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go gcuirfí spriocanna 195 agus 196 le chéile agus go ndéanfaí an tuairisc ar an mbeart a choigeartú dá réir sin. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go n-athrófaí nádúr na hionstraime airgeadais a léirítear i sprioc 201, go gcuirfí cloch mhíle 349 agus sprioc 350 leis, agus go leasófaí an tuairisc fholuiteach ar an mbeart dá réir sin.

Thairis sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí raon feidhme sprioc 234 agus an tuairisc ar a beart a leathnú. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí an ghníomhaíocht faoi chloch mhíle 335 agus sa tuairisc bhainteach ar a beart a ionadú. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go n-aistreofaí fócas sprioc 338 agus an tuairisc ar a beart go feithiclí. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí an tuairisc ar bheart infheistíocht 2 faoi chomhchuid 2.9 a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an tSeicia go ndearnadh cúig bheart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme ar mhaithe le huaillmhian na mbeart sin a mhéadú. Baineann an méid sin le cloch mhíle 43 agus sprioc 44 d’infheistíocht 3 (Tacú le forbairt bonneagair mhóibíligh 5G i limistéir bhána atá dian ó thaobh infheistíocht tuaithe de) faoi chomhchuid 1.3 (Líonraí Digiteacha Ardtoillte), cloch mhíle 258 faoi infheistíocht 2 (Feabhas a chur ar an gcóras bainistíochta le haghaidh seirbhísí digitithe) faoi chomhchuid 1.7 (Claochlú Digiteach an Riaracháin Phoiblí), spriocanna 117 faoi infheistíocht 2 (Bonneagar foirgníochta – Pointí athluchtaithe le haghaidh cuideachtaí príobháideacha), agus sprioc 119 faoi infheistíocht 4 (Infheistíocht 4: Cabhair chun feithiclí a cheannach — feithiclí (leictreach, H2) le haghaidh cuideachtaí príobháideacha) faoi chomhchuid 2.4 (Soghluaiseacht Ghlan), agus spriocanna 282 agus 283 faoi athchóiriú 3 (Tacaíocht airgeadais chun tionscadail a ullmhú i gcomhréir le cuspóirí an Aontais) faoi chomhchuid 4.1 (Tacaíocht Shistéamach don Infheistíocht Phoiblí). Ar an mbonn sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí an leibhéal uaillmhéine maidir le cur chun feidhme chloch mhíle 43 agus spriocanna 44, 117 agus 119 . Thairis sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí spriocanna 282 agus 283 a chumasc agus go méadófaí líon na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht faoin mbeart. D’iarr an tSeicia freisin go ndéanfaí raon feidhme chloch mhíle 258 a leathnú trí líon na ngníomhaíochtaí atá le cur chun feidhme a mhéadú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an tSeicia go ndearnadh 45 bheart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir léi an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann an méid sin le sprioc 5 faoi athchóiriú 2 (r-Shláinte), cloch mhíle 9 agus sprioc 10 faoi infheistíocht 1 (Seirbhísí digiteacha d'úsáideoirí deiridh), cloch mhíle 11 agus sprioc 245 faoi infheistíocht 2 (Sonraí oscailte agus ciste sonraí poiblí a fhorbairt) faoi chomhchuid 1.1 (Seirbhísí Digiteacha do Shaoránaigh agus do Ghnólachtaí), cloch mhíle 21 faoi infheistíocht 2 (Clárlanna agus lárnacha agus croí-áiseanna a fhorbairt le haghaidh ríomhsheirbhísí rialtais), cloch mhíle 28 faoi athchóiriú 2 (Córais a fhorbairt a thacaíonn le r-Shláinte), sprioc 31 faoi infheistíocht 4 (Dálaí cuí a chruthú don cheartas digiteach), sprioc 248 faoi infheistíocht 5 (Breisiú ar infheistíocht chibearshlándála) agus sprioc 249 faoi infheistíocht 6 (Córais faisnéise a fhorbairt sa réimse sóisialta) faoi chomhchuid 1.2 (Córais Dhigiteacha Riaracháin Phoiblí), spriocanna 36 agus 37 faoi athchóiriú 2 (Tacú le forbairt an éiceachórais 5G), sprioc 38 faoi infheistíocht 1 (Nasc ardacmhainneachta a fhorbairt), agus cloch mhíle 45 agus sprioc 46 faoi infheistíocht 4 (Gníomhaíochtaí taighde eolaíoch a bhaineann le forbairt líonraí agus seirbhísí 5G) faoi chomhchuid 1.3 (Líonraí Digiteacha Ardtoillte), cloch mhíle 47 faoi athchóiriú 1 (Athchóiriú institiúideach ar an gcóras bainistíochta le haghaidh an chlaochlaithe dhigitigh lena n-áirítear straitéis RIS 3), sprioc 49 faoi athchóiriú 2 (Comhghrúpa Tacaíochta agus Deimhniúcháin i dtaca le Teicneolaíochtaí Straitéiseacha leis an mBord um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha), sprioc 60 faoi infheistíocht 8 (Fiontraíocht agus gnólachtaí nuálacha a chothú) agus cloch mhíle 66 faoi infheistíocht 12 (Bonneagar Cumarsáide Candamaí a thógáil) faoi chomhchuid 1.4 (an Geilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Gnólachtaí Nuathionscanta Nuálacha agus Teicneolaíocht Nua), sprioc 71 faoi chomhchuid 3 (Claochlú digiteach na gcuideachtaí monaraíochta agus neamhtháirgthe agus méadú ar a n-athléimneachta) faoi chomhchuid 1.5 (Claochlú Digiteach na bhFiontar), sprioc 261 faoi infheistíocht 3 (Feabhas a chur ar (thacaíocht do bhonneagar iarnróid) sa timpeallacht),

sprioc 106 faoi infheistíocht 2 (Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh na gcóras soilsithe poiblí) faoi chomhchuid 2 (Tomhaltas Fuinnimh a Laghdú san Earnáil Phoiblí), sprioc 112 faoi infheistíocht 1 (Foinsí fuinnimh fhótavoltaigh nua a fhorbairt) faoi chomhchuid 2.3 (Aistriú chuig Foinsí Fuinnimh Níos Glaine), infheistíocht 1 (Athchóiriú agus athbheochan foirgneamh chun fuinneamh a choigilt) faoi chomhchuid 2.5 (Athchóiriú Foirgneamh agus Cosaint Aeir), sprioc 133 faoi infheistíocht 1 (Cosaint ar thuilte), spriocanna 137 agus 138 faoi infheistíocht 3 (Comhdhlúthú talún) agus sprioc 141 faoi infheistíocht 4 (Foraoisí a thógáil a bheidh athléimneach i leith an athraithe aeráide) faoi chomhchuid 2.6 (Cosaint an Dúlra agus Oiriúnú don Athrú Aeráide), cloch mhíle 148 faoi infheistíocht 1 (Bonneagar athchúrsála a thógáil) faoi chomhchuid 2.7 (Geilleagar Ciorclach, Athchúrsáil agus Uisce Tionsclaíoch), cloch mhíle 160 faoi athchóiriú 1 (Leasú ar an Acht um Bainistiú Uisce), agus cloch mhíle 165 agus spriocanna 166 agus 167 faoi infheistíocht 4 (Éiceachórais uisceacha, neamhfhoraoise agus foraoise a chur in oiriúint don athrú aeráide) faoi chomhchuid 2.9 (Bithéagsúlacht a chur chun cinn agus an Triomach a Chomhrac), infheistíocht 1 (Saoráid iasachtaí lamháltais), infheistíocht 2 (Saoráid iasachtaí fo-ordaithe) agus infheistíocht 3 (Saoráid Chomh-Infheistíochta) faoi chomhchuid 2.10 (Tithíocht Inacmhainne), cloch mhíle 170 faoi infheistíocht 1 (Cur chun feidhme an churaclaim athbhreithnithe agus scileanna digiteacha na múinteoirí) faoi chomhchuid 3.1 (Nuálaíocht san Oideachas i gComhthéacs na Digiteála), sprioc 181 agus cloch mhíle 182 faoi athchóiriú 2 (Tacaíocht do scoileanna faoi mhíbhuntáiste) faoi chomhchuid 3.2 (Cláir Scoile a Oiriúnú), clocha míle 185 agus 188 faoi athchóiriú 1 (Beartais maidir leis an margadh saothair a fhorbairt), cloch mhíle 276 faoi athchóiriú 4 (Athchóiriú ar chúram leanaí ata i mbaol) agus sprioc 187 faoi infheistíocht 1 (Beartais maidir leis an margadh saothair a fhorbairt) faoi chomhchuid 3.3 (Nuachóiriú ar Sheirbhísí Fostaíochta agus ar Fhorbairt an Mhargaidh Saothair), sprioc 218 agus cloch mhíle 220 faoi athchóiriú 1 (Athchóiriú reachtach lena dtugtar isteach maoiniú ilfhoinsithe le haghaidh institiúidí cultúrtha agus clárúchán le haghaidh ealaíontóirí),

sprioc 221 faoi infheistíocht 2 (Earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha a dhigiteáil) agus sprioc 222 faoi infheistíocht 3 (Dearbháin chruthaitheacha) faoi chomhchuid 4.5 (An Earnáil Chultúrtha agus an Earnáil Chruthaitheach a Fhorbairt), spriocanna 306 agus 307 agus cloch mhíle 308 faoi athchóiriú 3 (Intuarthacht, trédhearcacht agus infhaighteacht an phróisis nasctha leis an eangach leictreachais a fheabhsú) faoi chomhchuid 7.1 (Bonneagar Fuinnimh In-athnuaite agus Leictreachais (REPowerEU)), cloch mhíle 310 faoi athchóiriú 3 (Lárionad Sonraí Leictreachais), clocha míle 313 agus 314 faoi athchóiriú 1 (Pobail Fuinnimh) agus cloch mhíle 316 faoi athchóiriú 2 (Stóráil Fuinnimh agus an Creat solúbthachta um breoslaí neamhiontaise) faoi chomhchuid 7.2 (Tacú le dílárú agus digiteáil na hearnála fuinnimh (REPOWER EU)), sprioc 327 faoi infheistíocht 1 (Straitéisí maidir leis an Aistriú Inbhuanaithe agus Glas) faoi chomhchuid 7.4 (Oiriúnú scoile – Scileanna agus inbhuanaitheacht ghlas a chur chun cinn in ollscoileanna (REPOWER EU)), cloch mhíle 332 faoi athchóiriú 2 (Bearta cánach a thacaíonn le soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha), faoi chomhchuid 7.5 (Iompar de Bhóthar a Dhícharbónú), cloch mhíle 342 faoi athchóiriú 1 (Tuairim chomhshaoil aonair) agus cloch mhíle 344 agus spriocanna 345 agus 346 faoi athchóiriú 2 (Limistéar luathaithe fuinnimh in-athnuaite) faoi chomhchuid 7.7 (Próisis Cheadaithe Chomhshaoil a Shimpliú agus Limistéir a Shainiú chun Foinsí In-athnuaite Fuinnimh a Fhorbairt (REPOWER EU)). Ar an mbonn sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí sprioc 248 a laghdú agus go ndéanfaí cloch mhíle 165 agus an tuairisc ar a beart faoi seach a shonrú a thuilleadh. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go mbainfí spriocanna 166 agus 167. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí ceanglais agus raon feidhme chlocha míle 9 agus 310 agus spriocanna 49, 249 agus 342 agus na tuairiscí ar a mbeart faoi seach a shonrú a thuilleadh. Ar an mbonn sin, d’iarr an tSeicia go mbainfí dúbailtí agus go ndéanfaí raon feidhme sprioc 71 agus cloch mhíle 170 agus na tuairiscí ar a mbeart faoi seach a leathnú. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí athbhreithniú ar fhoclaíocht chloch mhíle 148, chlocha míle 185 agus 188 agus ar na tuairiscí ar a mbeart, ionas go mbeadh sí ag teacht le téarmaíocht dhlíthiúil iomchuí.

Thairis sin, d'iarr an tSeicia go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme chloch mhíle 344 agus spriocanna 345 agus 346 agus leis na tuairiscí ar a mbeart, agus go ndéanfaí a bhfoclaíocht a ailíniú leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go mbainfí dúbailtí i spriocanna 306, 307 agus 308. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go ndéanfaí ceanglais chlocha míle 313 agus 314 a shonrú agus foclaíocht na gcloch míle sin a ailíniú leis an gcreat rialála is infheidhme. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go ndéanfaí spriocghrúpaí sprioc 187 agus sprioc 181 mar aon leis an tuairisc ar a beart a shonrú ar bhealach níos fearr. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go ndéanfaí an téarmaíocht chlocha míle 21 agus 28 agus na tuairiscí ar a mbearta faoi seach a ailíniú leis na téarmaí teicniúla is infheidhme agus go mbainfí codanna neamhghaolmhara de na clocha míle sin agus na tuairiscí ar a mbearta faoi seach. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go ndéanfaí soiléiriú ar cheanglais a bhfuil forluí eatarthu i spriocanna 36 agus 37 agus an tuairisc ar a mbeart. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go ndéanfaí na ceanglais i gcloch mhíle 45, sprioc 46 agus sna tuairiscí ar a mbeart faoi seach a simpliú agus go mbainfí neamhréireachtaí díobh. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go leagfaí amach ar bhealach níos fearr sprioc 218 agus cloch mhíle 220 agus go gcuirfí na tuairiscí ar a mbeart le chéile. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go bhfaighfí réidh le débhríocht i spriocanna 137 agus 138 agus na tuairiscí ar a mbeart, agus go ndéanfaí na spriocanna sin agus na tuairiscí ar a mbeart a shimpliú. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go ndéanfaí spriocghrúpaí infheistíochtaí 1, 2 agus 3 faoi chomhchuid 2.10 a choigeartú. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go ndéanfaí táscaire chloch mhíle 11 a shimpliú. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme chloch mhíle 66 agus an tuairisc ar a beart, agus go ndéanfaí cloch mhíle 66 agus an tuairisc ar a beart a shonrú a thuilleadh.

Thairis sin, d’iarr an tSeicia go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme sprioc 261 agus cuid ghaolmhar den bheart. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí raon feidhme sprioc 245 a leathnú agus go ndéanfaí idirdhealú níos fearr idir é agus an chloch mhíle roimpi. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí cloch mhíle 332 a shimpliú. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí bonnlíne sprioc 31 a shoiléiriú. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí táscaire sprioc 38 agus chloch mhíle 182 a shonrú. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí idirdhealú níos fearr idir cineál an chinnidh a cheanglaítear le sprioc 106 agus an chloch mhíle roimpi agus go ndéanfaí é a shoiléiriú. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí idirdhealú níos fearr idir sprioc 141 agus an chloch mhíle roimpi. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go mbainfí na codanna nach bhfuil baint acu le ceanglais chloch mhíle 160. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go mbainfí an tagairt do mhéid buiséadach sprioc 221. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí an fhoclaíocht leis na téarmaí teicniúla is infheidhme a ailíniú agus go ndéanfaí bonnlíne sprioc 5 agus an tuairisc ar a beart a shoiléiriú. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí bonnlíne sprioc 10 a shoiléiriú. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go mbainfí na codanna nach bhfuil baint acu le ceanglais chloch mhíle 47 agus an tuairisc ar a beart. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go sonrófaí an grúpa faighteoirí a bhaineann le sprioc 60 agus an tuairisc ar a beart. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí raon feidhme sprioc 112 agus an tuairisc ar a beart a leathnú. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí soiléiriú ar cheanglais a bhfuil forluí eatarthu i spriocanna 36 agus 37 agus an tuairisc ar a mbeart. Thairis sin, d’iarr an tSeicia go ndéanfaí na ceanglais le cineál agus méid na dtionscadal faoi sprioc 133 agus an tuairisc ar a beart a ailíniú.

Thairis sin, d'iarr an tSeicia go gcuirfí isteach díolúintí breise a d'fhéadfadh a bheith ann faoi chloch mhíle 276 agus an tuairisc ar a beart. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go ndéanfaí raon feidhme sprioc 222 a leathnú agus go mbainfí codanna neamhghaolmhara den sprioc sin agus an tuairisc ar a beart. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go ndéanfaí ceanglas de chuid chloch mhíle 316 agus an tuairisc ar a beart a aistriú chuig beart eile. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go ndéanfaí raon feidhme sprioc 327 agus an tuairisc ar a beart a leathnú agus go ndéanfaí foclaíocht na sprice sin agus an tuairisc ar a beart a ailíniú. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go mbainfí codanna neamhghaolmhara de tuairisc ar bheart infheistíocht 1 faoi chomhchuid 2.5 agus go ndéanfaí an tuairisc sin ar bheart a shonrú a thuilleadh. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(7) Tar éis bearta a bhaint de réir Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, d'iarr an tSeicia go n-úsáidfí na hacmhainní a saoradh trí bhearta a bhaint agus trí leibhéal a gcur chun feidhme a laghdú chun beart nua amháin a chur isteach agus an leibhéal cur chun feidhme a mhéadú i gcás sé bheart. Baineann an méid sin le sprioc 24 faoi infheistíocht 3 (Cibearshlándáil) faoi chomhchuid 1.2 (Córais Dhigiteacha Riaracháin Phoiblí ), cloch mhíle 77 faoi infheistíocht 3 (Tairbhe a bhaint as an digitiú i réimse na pleanála spásúla agus réimse an bheartais tógála) faoi chomhchuid 1.6 (Luasghéarú agus Digiteáil an Phróisis Tógála), sprioc 347 faoi athchóiriú 1 (An Gníomh maidir le Bainistiú Sonraí agus Rochtain Rialaithe ar Shonraí) faoi chomhchuid 1.7 (Claochlú Digiteach an Riaracháin Phoiblí), sprioc 348 faoi infheistíocht 1 (Teicneolaíochtaí nua-aimseartha a chur i bhfeidhm ar bhonneagar iarnróid) faoi chomhchuid 2.1 (Iompar Inbhuanaithe), sprioc 164 faoi infheistíocht 3 (Bainistiú láithreáin Natura 2000 agus speiceas plandaí agus ainmhithe atá faoi chosaint) faoi chomhchuid 2.9 (Bithéagsúlacht a chur chun cinn agus an Triomach a Chomhrac), spriocanna 215, 216 agus 289 faoi athchóiriú 1 (Éifeachtúlacht a mhéadú mar aon le cur chuige i bhfabhar an chliaint agus úsáid phrionsabail na cinnteoireachta fianaise-bhunaithe sa riarachán poiblí) faoi chomhchuid 4.4 (Éifeachtúlacht an Riaracháin Phoiblí a Fheabhsú) agus sprioc 299 faoi infheistíocht 1 (Líonraí dáileacháin a thógáil, a athchóiriú agus a uasghrádú) faoi chomhchuid 7.1 (Bonneagar Fuinnimh In-athnuaite agus Leictreachais (REPowerEU)). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSeicia go gcuirfí spriocanna 347 agus 348 leis. Thairis sin, d'iarr an tSeicia go ndéanfaí spriocanna 215, 216 agus an tuairisc ar a mbeart a shimpliú agus go mbainfí dúbailtí díobh. D'iarr sí freisin go méadófaí leibhéal an chur chun feidhme is gá maidir le sprioc 24, cloch mhíle 77, spriocanna 164, 289 agus sprioc 299. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(8) Mhínigh an tSeicia nach féidir cloch mhíle 17 faoi infheistíocht 1 (Córais faisnéise a fhorbairt) faoi chomhchuid 1.2 (Córais Riaracháin Phoiblí Dhigiteacha) a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh, mar thoradh ar athruithe reachtacha a chuireann bac ar an gcur chun feidhme. Ar an mbonn sin, d'iarr an tSeicia go mbainfí an chloch mhíle thuasluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(9) Maidir le cloch mhíle 251, sprioc 252 agus cloch mhíle 253 faoi infheistíocht 13 (Ciste chun teicneolaíochtaí straitéiseacha a fhorbairt) faoi chomhchuid 1.4 (an Geilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Gnólachtaí Nuathionscanta Nuálacha agus Teicneolaíocht Nua), mhínigh an tSeicia nach féidir iad a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh, mar thoradh ar na himpleachtaí buiséadacha a bhaineann le hatógáil i ndiaidh tuilte. Ar an mbonn sin, d'iarr an tSeicia go mbainfí na clocha míle thuasluaite agus na spriocanna thuasluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(10) Mhínigh an tSeicia nach féidir sprioc 40 faoi infheistíocht 2 (Conairí 5G a chumhdach agus forbairt 5G a chur chun cinn) faoi chomhchuid 1.3 (Líonraí Digiteacha Ardtoillte) a bhaint amach go páirteach a thuilleadh, mar gheall ar easpa iarratais ó rannpháirtithe sa mhargadh. Ar an mbonn sin, d'iarr an tSeicia go laghdófaí an sprioc thuasluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(11) Maidir le spriocanna 103 agus 104 faoi infheistíocht 1 (Feidhmíocht fuinnimh foirgneamh stáit a fheabhsú) faoi chomhchuid 2.2 (Tomhaltas Fuinnimh a Laghdú san Earnáil Phoiblí), sprioc 151 faoi infheistíocht 2 (Réitigh chiorclacha i ngnólachtaí) faoi chomhchuid 2.7 (Geilleagar Ciorclach, Athchúrsáil agus Uisce Tionsclaíoch), spriocanna 277, 278 agus 279 faoi infheistíocht 4 (Bonneagar a fhorbairt agus a nuachóiriú i réimse an chúraim do leanaí atá i mbaol) faoi chomhchuid 3.3 (Nuachóiriú ar Sheirbhísí Fostaíochta agus ar Fhorbairt an Mhargaidh Saothair) agus sprioc 219 faoi infheistíocht 1 (Earnálacha cultúrtha agus cruthaitheachta réigiúnacha a fhorbairt) faoi chomhchuid 4.5 (an Earnáil Chultúrtha agus an Earnáil Chruthaitheach a Fhorbairt), mhínigh an tSeicia nach féidir iad a bhaint amach go páirteach a thuilleadh, mar gheall ar spéis íseal sna glaonna a foilsíodh. Ar an mbonn sin, d’iarr an tSeicia go laghdófaí na spriocanna thuasluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(12) Mhínigh an tSeicia nach féidir sprioc 155 faoi infheistíocht 1 (Cabhair infheistíochta chun láithreán athfhorbraíochta shonracha a athghiniúint) faoi chomhchuid 2.8 (Athbheochan Láithreán Athfhorbraíochta) a bhaint amach go páirteach a thuilleadh, mar gheall ar nós imeachta na n-údarás neamhspleách atá ar feitheamh. Ar an mbonn sin, d’iarr an tSeicia go gcuirfí síneadh le hamlíne chur chun feidhme na sprice thuasluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(13) Mhínigh an tSeicia nach féidir sprioc 180 faoi infheistíocht 1 (Príomhláithreáin acadúla roghnaithe a fhorbairt) faoi chomhchuid 3.2 (Cláir Scoile a Oiriúnú) a bhaint amach go páirteach a thuilleadh, mar gheall ar shrianta ama a eascraíonn as iarsmaí seandálaíochta a aimsíodh le déanaí agus taighde a bhaineann leo sa limistéar tógála. Ar an mbonn sin, d'iarr an tSeicia go ndéanfaí cur chur feidhme na spriocanna thuasluaite a mhaolú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(14) Mhínigh an tSeicia nach féidir cloch mhíle 311 faoi athchóiriú 3 (Lárionad Sonraí Leictreachais) faoi chomhchuid 7.2 (Tacú le dílárú agus digiteáil na hearnála fuinnimh (REPower EU)) a bhaint amach go páirteach a thuilleadh, mar gheall ar shrianta teicneolaíochta a bhaineann le seirbhísí TF. Ar an mbonn sin, d'iarr an tSeicia go ndéanfaí cur chur feidhme na gcloch míle thuasluaite a mhaolú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(15) Measann an Coimisiún, de bharr na gcúiseanna arna gcur chun cinn ag tSeicia, go bhfuil údar maith leis an leasú/na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir.

***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

(16) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an tSeicia i láthair a chur san áireamh.

***Measúnú an Choimisiúin***

(17) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an tSeicia chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241, pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (j) agus (k).

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chuireann go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le suim arb é atá inti 43,2 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus 98,6 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(19) Na leasuithe i ndáil leis an rannchuidiú leis an aistriú glas, baineann siad le hath-leithdháileadh acmhainní airgeadais idir infheistíocht 1 (Teicneolaíochtaí nua-aimseartha a chur i bhfeidhm ar bhonneagar iarnróid) faoi chomhchuid 2.1 (Iompar Inbhuanaithe), infheistíocht 1 (Feidhmíocht fuinnimh foirgneamh stáit a fheabhsú) faoi chomhchuid 2.2 (Tomhaltas Fuinnimh a Laghdú san Earnáil Phoiblí), infheistíocht 4 (Cabhair chun feithiclí a cheannach – feithiclí (leictreach, H2) le haghaidh cuideachtaí príobháideacha) faoi chomhchuid 2.4 (Soghluaisteacht Ghlan), infheistíocht 2 (Réitigh chiorclacha i ngnólachtaí) faoi chomhchuid 2.7 (Geilleagar Ciorclach, Athchúrsáil agus Uisce Tionsclaíoch), infheistíocht 2 (Bainistiú Uisce Báistí i gceirtleáin uirbeacha), infheistíocht 3 (Bainistiú láithreáin Natura 2000 agus speiceas plandaí agus ainmhithe atá faoi chosaint) agus infheistíocht 4 (Éiceachórais uisceacha, neamhfhoraoise agus foraoise a chur in oiriúint don athrú aeráide) faoi chomhchuid 2.9 (Bithéagsúlacht a chur chun cinn agus an Triomach a Chomhrac), infheistíocht 2 (Acmhainneacht na saoráidí réamhscoile a mhéadú), infheistíocht 3 (Bonneagar cúraim shóisialta a fhorbairt agus a nuachóiriú) agus infheistíocht 4 (Bonneagar a fhorbairt agus a nuachóiriú i réimse an chúraim do leanaí atá i mbaol) faoi chomhchuid 3.3 (Nuachóiriú ar Sheirbhísí Fostaíochta agus ar Fhorbairt an Mhargaidh Saothair), infheistíocht 1 (Líne nua ionstraimí cuasachothromais agus iasachta glaise a fhorbairt lena dtacófar leis an bhfiontraíocht) faoi chomhchuid 4.2 (Ionstraimí Cuasachothromais Nua chun Fiontraíocht agus Forbairt Bhanc Ráthaíochta agus Forbartha Phoblacht na Seice agus na Moráive (ČMZRB) a chur chun cinn mar Bhanc Forbartha Náisiúnta), infheistíocht 1 (Líonraí dáileacháin a thógáil, a athchóiriú agus a uasghrádú) faoi chomhchuid 7.1 (Bonneagar fuinnimh in-athnuaite agus leictreachais (REPowerEU)) agus athchóiriú 3 (Lárionad Sonraí Leictreachais) faoi chomhchuid 7.2 (Tacú le dílárú agus digiteáil na hearnála fuinnimh (REPower EU)). Níl aon athrú ar an rannchuidiú foriomlán leis an sprioc aeráide i gceist leis sin. Ní athraíonn raon feidhme teoranta na leasuithe sin an measúnú foriomlán ar an gcritéar sin.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim ar 22.7 % í de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(21) Na leasuithe i ndáil leis an ranníocaíocht leis an aistriú glas, baineann siad le hath-leithdháileadh na n-acmhainní airgeadais idir infheistíocht 4 (Seirbhísí digiteacha d'úsáideoirí deiridh sa réimse sóisialta) faoi chomhchuid 1.1 (Seirbhísí Digiteacha do Shaoránaigh agus do Ghnólachtaí), infheistíocht 1 (Córais faisnéise aonair a fhorbairt agus a fheabhsú), infheistíocht 3 (cibearshlándáil), infheistíocht 5 (Breisiú ar infheistíocht chibearshlándála) agus infheistíocht 6 (Córais faisnéise a fhorbairt sa réimse sóisialta) faoi chomhchuid 1.2 (Córais Dhigiteacha Riaracháin Phoiblí), infheistíocht 2 (Conairí 5G a chumhdach agus forbairt 5G a chur chun cinn) faoi chomhchuid 1.3 (Líonraí Digiteacha Ardtoillte), infheistíocht 12 (Bonneagar Cumarsáide Candamaí a thógáil) faoi chomhchuid 1.4 (An Geilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Gnólachtaí Nuathionscanta Nuálacha agus Teicneolaíocht Nua), infheistíocht 4 (Micrileictreonaic agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide IPCEI) faoi chomhchuid 1.5 (Claochlú Digiteach na bhFiontar), athchóiriú 1 (Cur chun feidhme an dlí nua tógála agus an dlí criosaithe go praiticiúil), infheistíocht 1 (Tairbhe a bhaint as an digitiú i réimse na pleanála spásúla agus réimse an bheartais tógála) faoi chomhchuid 1.6 (Luasghéarú agus Digiteáil an Phróisis Tógála), infheistíocht 1 (Réimsí a aontú agus ardán foghlama a chruthú), infheistíocht 3 (Ionad teagmhála riaracháin phoiblí a chruthú) agus infheistíocht 4 (Bonneagar sonraí lárnach a chruthú) faoi chomhchuid 1.7 (Claochlú Digiteach an Riaracháin Phoiblí), infheistíocht 1 (Teicneolaíochtaí nua-aimseartha a chur i bhfeidhm ar bhonneagar iarnróid) faoi chomhchuid 2.1 (Iompar Inbhuanaithe), infheistíocht 1 (Beartais maidir leis an margadh saothair a fhorbairt) faoi chomhchuid 3.3 (Nuachóiriú ar Sheirbhísí Fostaíochta agus ar Fhorbairt an Mhargaidh Saothair) agus athchóiriú 1 (Éifeachtúlacht a mhéadú mar aon le cur chuige i bhfabhar an chliaint agus úsáid phrionsabail na cinnteoireachta fianaise-bhunaithe sa riarachán poiblí) faoi chomhchuid 4.4 (Éifeachtúlacht an Rialacháin Phoiblí a Fheabhsú). Tá méadú coibhneasta ar an rannchuidiú foriomlán leis an sprioc dhigiteach i gceist leis sin. Ní athraíonn raon feidhme teoranta na leasuithe sin an measúnú foriomlán ar an gcritéar sin.

*Costáil*

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid na gcostas iomlán measta a bhaineann leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé, tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(23) Maidir leis an measúnú costála ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh in 2021, chuir an tSeicia meastacháin ar fáil ag brath ar údar, fianaise agus modheolaíocht iomchuí le haghaidh fhormhór chostais na mbeart a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. Cuireadh faisnéis costála agus doiciméid tacaíochta ar fáil go leibhéal measartha. Ní raibh aon tásc ann go lagófaí réasúnaíocht, sochreidteacht agus breisíocht fhoriomlán na meastachán costais. Bhí costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus bhí sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(24) Sholáthair an tSeicia meastacháin costais aonair ar fhormhór na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe leasaithe agus nua a raibh costas gaolmhar ag baint leo agus a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta nuashonraithe, ag brath ar roinnt foinsí chun údar a thabhairt leo. Maidir leis na bearta nuashonraithe, tá an nuashonrú bunaithe ar na toimhdí céanna nó déantar é a choigeartú ar bhonn torthaí tairiscintí a rinneadh le haghaidh tionscadail reatha comhchosúla nó fiú ar bhonn torthaí na dtairiscintí don tionscadal ceannann céanna i gcás ina bhfuil tús curtha cheana le cur chun feidhme an tionscadail. Maidir leis na bearta a tugadh isteach le déanaí, ríomhadh na costais trí chuir chuige ó bhun aníos a úsáid, agus tagairt á déanamh do phraghsanna margaidh nó praghsanna na n-aonad comhchosúil in infheistíochtaí roimhe seo le haghaidh na bpríomhspreagthaí costais, nó ríomhadh iad ó mheastacháin ar chostais a díorthaíodh ó shonraí costála na n-infheistíochtaí comhchosúla a rinneadh. Mar thoradh air sin, meastar go bhfuil meastacháin chostais le haghaidh fhormhór na mbeart sa phlean téarnaimh agus athléimneachta réasúnta. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le nádúr agus cineál na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá beartaithe. Mar thoradh air sin, meastar go bhfuil meastacháin chostais le haghaidh fhormhór na mbeart sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sochreidte. Tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach curtha ar fáil ag an tSeicia nach gcumhdaítear méid na gcostas iomlán measta le maoiniú ón Aontas atá ann cheana nó atá beartaithe. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(25) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], mheas an tSeicia gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/795. Mar sin féin, níor chuir an tSeicia aon tionscadal ar ar bronnadh Séala Ceannasachta san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe mar gheall ar an laghdú ar chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

***Measúnú dearfach***

(26) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

---

5 Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

***Ranníocaíocht airgeadais***

(27) Is é EUR 8 859 681 267 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Seicia. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don tSeicia, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe don tSeicia a bheith comhionann le EUR 8 409 179 142. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don tSeicia.

---

[6] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Iasachtaí*

(28) Chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, cuireadh tacaíocht iasachta iomlán EUR 818 136 635 ar fáil don tSeicia trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023. Tar éis infheistíocht 13 (Ciste chun teicneolaíochtaí straitéiseacha a fhorbairt) faoi chomhchuid 1.4 (An Geilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach, Gnólachtaí Nuathionscanta Nuálacha agus Teicneolaíocht Nua) a bhaint agus cloch mhíle 246 faoi infheistíocht 4 (Seirbhísí digiteacha d'úsáideoirí deiridh sa réimse sóisialta) faoi chomhchuid 1.1 (Seirbhísí Digiteacha do Shaoránaigh agus do Ghnólachtaí), sprioc 249 faoi infheistíocht 6 (Córais faisnéise a fhorbairt sa réimse sóisialta) faoi chomhchuid 1.2 (Córais Dhigiteacha Riaracháin Phoiblí ) agus sprioc 255 faoi infheistíocht 4 Micrileictreonaic agus Teicneolaíochtaí Cumarsáide IPCEI) faoi chomhchuid 1.5 (Claochlú Digiteach na bhFiontar) a bhaint, agus cur chun feidhme sprioc 248 faoi infheistíocht 5 (Breisiú ar infheistíocht chibearshlándála) faoi chomhchuid 1.2 (Córais Dhigiteacha Riaracháin Phoiblí) a laghdú faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, níor iarr an tSeicia na hacmhainní iasachta a saoradh a úsáid chun tacú le bearta nua ná chun leibhéal cur chun feidhme na mbeart atá ann cheana sa phlean téarnaimh agus athléimneachta a mhéadú. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta níos ísle ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar fáil don tSeicia agus an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don tSeicia trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023. Dá bhrí sin, ba cheart an tacaíocht iasachta iomlán a chuirtear ar fáil don tSeicia a laghdú go EUR 448 441 580.

(29) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Meán Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don tSeicia mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe don tSeicia a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha agus na clocha míle agus spriocanna breise a bhaineann le híocaíocht na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) in Airteagal 2a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don tSeicia arb ionann é agus uasmhéid EUR 448 441 580.';

(3) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Seice.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*